

NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN IAR-BHUNSCOILE

EAGRÁN 11 – Bealtaine 2018

FMS 2016-2020 – cad atá déanta agus cad atá fós le déanamh?

Fáilte go heagrán a haon déag de Nuashonrú FMS, an e-fheasachán d'iar-bhunscoileanna. Tá deireadh ag teacht leis an dara bliain de thimthriail 2016-2020 na féinmheastóireachta. Is deis mhaith í seo don mhachnamh ar a bhfuil déanta agus don smaointeoireacht ar an gcéad chéim eile i bpróiseas feabhsúcháin bhúr scoile. Agus ceann de na rudaí is tábhachtaí ná breathnú ar an tslí ina bhfuil sibh, mar phobal scoile, ag dul i dtaithí ar phróiseas na FMS féin, ionas gur féidir libh é a úsáid go héifeachtach chun oibriú i dtreo na dtosaíochtaí atá aitheanta agaibh.

Creidimid go bhfuil tuiscint níos fearr ag scoileanna DEIS anois ar an gceangal atá ag próiseas na FMS le pleanáil ghníomhaíochta don fheabhsúchán DEIS. Tá súil againn go gcuirfidh an t-alt ar leathanach 2 leis an tsoiléireacht sin.

Le linn na scoilbhliana 2017/18, chuir cigirí roinnt seimineár FMS i láthair do cheannairí scoile. Bhí idirghníomhaíocht mhaith ann agus dúirt roinnt rannpháirtithe: “táimid ag dul i dtaithí air seo anois.” Seans gur é an pointe is mó suntais ná méadú tuisceana de réir a chéile gur gníomhphleananna atá i gceist leis seo seachas pleananna ar pháipéar. Tá an tsaighead dhearg dírithe ar a bhfuil luaite sna Treoirínte FMS (Ich 14) mar ‘**an phríomhchéim sa phróiseas**. Ní go dtí go gcuirtear na gníomhaíochtaí ar fad sa phlean feabhsúcháin i bhfeidhm a bheidh obair na scoile in ann feabhsú..’



Mar chríoch, tá dréacht ghairid san eagrán seo a bhreathnaíonn ar a bhfuil i gceist le ‘cleachtas éifeachtach i gcoitinne’ agus ar an tslí ina bhféadfaí dul ag obair air chun cleachtas éifeachtach a bhaint amach mar atá léirithe in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*.


An Chigireacht - Aonad Tacaíochta agus Taighde don Mheastóireacht

Clár

Pleanáil ghníomhaíochta DEIS don fheabhsúchán agus an próiseas FMS Ich 2

Ag gearú ó chleachtas atá éifeachtach i gcoitinne go cleachtas éifeachtach Ich 4

Féach ár suíomh gréasáin agus ár leathanaigh ar na meáin shóisialta chun go mbeidh tú ar an eolas faoi fhorbairtí maidir leis an FMS. Cliceáil ar na deilbhíní thíos chun an nasc cuí a oscailt.



Pleanáil ghníomhaíochta DEIS don fheabhsúchán agus an próiseas FMS

Baineann próiseas na féinmheastóireachta scoile go huile is go hiomlán le pleanáil ghníomhaíochta don fheabhsúchán. Dá réir sin, bhí scoileanna atá páirteach in DEIS chun tosaigh ar a lán bealaí nuair a cuireadh tús go foirmeálta le FMS sa chóras in 2012. Ar ndóigh, bhí sé mar choinníoll i gcónaí ar scoileanna DEIS páirt a ghlacadh i dtimthriail forbartha, forfheidhmithe agus athbhreithnithe ar phleananna feabhsúcháin do gach téama DEIS. Dá bhrí sin, tá an-taithí ag scoileanna DEIS ar na cleachtais a bhaineann le fianaise a bhailiú, spriocanna a rianadh, pleananna feabhsúcháin a cheapadh, agus dul chun cinn a mhonatóireacht.

Is fíor a rá, áfach, nuair a tugadh féinmheastóireacht scoile isteach mar thosaíocht náisiúnta i 2012, gur eascair éiginnteacht áirithe i measc scoileanna DEIS faoin tslí ina raibh sé i gceist go mbainfeadh an próiseas leo siúd. Dá bhrí sin, tá an ráiteas ríshoiléir seo ar fáil in imlitir [40/2016](#) maidir leis an dara timthriail den FMS:

Is gá do scoileanna sa chlár DEIS pleananna feabhsúcháin trí bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar choinníoll dá bpáirteachas i DEIS. **Is iad na pleananna seo plean feabhsúcháin na scoile don fhéinmheastóireacht scoile, agus níl gá le haon phlean feabhsúcháin breise ná leithleach.**

Is éard a chiallaíonn sé seo ná **nach** leagann an ciorclán seo dualgas ar scoileanna DEIS próiseas pleanála comhthreormhar a chur i bhfeidhm, ina mbíonn pleananna áirithe do DEIS agus pleananna eile don FMS. Leanfaidh cigirí orthu agus iad ar chuirteanna comhairleacha go scoileanna, agus na seirbhísí tacaíochta sna hidirghníomhaíochtaí a bhíonn acu le scoileanna, ag tabhairt na teachtaireachta seo chomh soiléir agus is féidir.

Agus, dá bhrí sin, an bhfuil *aon* bhaint ag an bpróiseas FMS le scoileanna DEIS? Sea, tá! Féach cad a deir imlitir 40/2016 ina dhiaidh sin.

Ba chóir do scoileanna DEIS, áfach, laistigh dá gcomhthéacsanna ar leith féin, suntas a thabhairt don bhéim a leagan an próiseas féinmheastóireachta scoile ar phríomhghníomhaíocht aon scoile ar leith: teagasc agus foghlaim. Ba chóir dóibh fócas teagaisc agus foghlama a dheimhniú aon uair is cuí nuair a bhítear ag pleanáil d'fheabhsúchán litearthachta, uimhearthachta, tinrimh, coinneála, dul chun cinn*, agus dá bpáirtnéireacht le tuismitheoirí agus le daoine eile.

Seo croí an scéil: **teagasc agus foghlaim príomhghníomhaíocht gach scoile, scoileanna DEIS san áireamh.**

Mar atá luaite in alt ar DEIS agus FMS in [FMS Nuasonrú 5](#), tá a lán scoileanna DEIS dírithe ar thosaíochtaí ar nós clubanna bricfeasta agus obair bhaile agus ar raon gníomhaíochtaí seach-churaclaim do na scoláirí ar a bhfuil siad ag díriú. Leanann scoileanna DEIS freisin ar mhór-iarrachtaí a dhéanamh chun tuismitheoirí a bheith páirteach in oideachas a leanaí. Bíonn fiúntas ag baint leis na gníomhaíochtaí seo uile chun tacú le daltaí a bhíonn i mbaol briseadh ón scoil agus gan a lán-acmhainneacht a bhaint amach.

Ach ní féidir dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachasúil – agus is é sin atá mar phríomhaidhm ag tionscnamh DEIS – gan breathnú go géar freisin ar a mbíonn mar thaithí ag foghlaiméoirí sa seomra ranga. Agus is ansin a chaithfear lionsa na FMS a chur i bhfeidhm ar phleananna gníomhaíochta DEIS na scoile. Dá bhrí sin, is den riachtanas é go bhféachann scoileanna DEIS ar a gcleachtas teagaisc agus foghlama féin agus go gcuireann siad an cheist:



Conas mar a chuireann an cleachtas teagaisc agus foghlama in ár scoil lenár bpleanáil ghníomhaíochta DEIS don fheabhsúchán?

Féach go cúramach ar an gceist seo. Cad atá mar fhócas aici? Conas mar a thabharfá faoin gceist a fhreagairt? Seans gur é an bealach is léire le dul i ngleic leis an gceist i bhúr scoil ná breathnú ar na pleananna DEIS atá agaibh faoi láthair agus fiosrú cé na spriocanna agus na gníomhaíochtaí atá bainteach go díreach le cleachtas an tseomra ranga. Tosaigh leis na cinn is follasaí: litearthacht, agus uimhearthacht. Seo cúpla ceist mar ábhar machnaimh.

Cé mhéad sprioc agus gníomhaíocht i bhúr bpleananna DEIS atá bainteach le cleachtas ranga?

An bhfuil na pleananna gníomhaíochta don litearthacht agus don uimhearthacht dírithe den chuid is mó ar idirbheartaíochtaí a tharlaíonn lasmuigh den rangsheomra príomhshrutha? Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh cláir léitheoireachta in úsáid don dianobair le scoláirí aitheanta i bhúr ranganna tacaíochta nó sa leabharlann. B'fhiú breathnú an bhfuil na hidirghabhálacha spriocdhírthe seo ag tarlú sna ranganna príomhshrutha mar a bhfuil gá le scileanna léitheoireachta ionas gur féidir le scoláirí dul chun cinn a dhéanamh.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sibh breathnú ar bhúr phleananna feabhsúcháin don litearthacht agus an cheist a chur oraibh féin: *“An gclúdaíonn na pleananna seo múinteoirí ábhar agus an gcuidíonn siad leo scileanna léitheoireachta atá á shealbhú ag scoláirí sa suíomh tacaíochta a neartú agus a dhaingniú?”*

An rud a bhaineann leis an litearthacht baineann sé leis an uimhearthacht freisin, ach toisc bhreise amháin a cur san áireamh. Cé go nglacann múinteoirí na n-ábhar uile go bhfuil ról acu maidir le scileanna litearthachta scoláirí a fhorbairt, ní hionann cás na huimhearthachta. Léirítear do chigirí go fóill go bhfuil tuiscint na huimhearthachta fócasaithe go cúng i gcónaí ar an Matamaitic ina lán scoileanna. D'fhéadfaí breathnú arís ar an alt in [FMS Nuashonrú 10](#), alt a dhíríonn ar an bhfócas a choimeád ar chleachtais litearthachta agus uimhearthachta mar chuid den phróiseas FMS agus ar an tslí inar féidir scileanna uimhearthachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhealach i bhfad níos leithne ar fud an churaclaim.

Maidir le gnóthachtáil, ceistigh sibh féin faoin bhfócas teagaisc agus foghlama atá curtha i bhfeidhm agaibh ar bhúr bpleananna feabhsúcháin. Má tá spriocanna leagtha amach agaibh don ghlacadh breise ar ábhair, cé na cuir chuige teagaisc agus foghlama atá aitheanta agaibh chun tacú le rannpháirtíocht rathúil scoláirí ag an ardleibhéal? Cé na cuir chuige don mheasúnú ata cíortha agaibh chun ionchais a ardú agus chun tógáil ar mhúinín na scoláirí? Cinnteoidh a leithéid de cheisteoireacht go mbíonn áit lárnach ag an seomra ranga i bhúr bpleanáil ghníomhaíochta DEIS don fheabhsúchán.

Tá dhá phointe eile i gCiorclán 40/2016 ar fiú gan dearmad a dhéanamh orthu nuair a bhíonn sibh ag breathnú ar an tslí le lionsa na FMS a chur i bhfeidhm ar bhúr bpleananna gníomhaíochta DEIS. Seo é an chéad cheann:

Ba chóir do scoileanna DEIS an próiseas féinmheastóireachta a úsáid lena dheimhniú go mbíonn téagar ag baint leis an mbonn fianaise a bhaineann lena bpleananna gníomhaíochta don fheabhsúchán, agus go mbíonn siad dírithe go soiléir ar scoláirí a bhfuil idirbheartaíochtaí agus tacaíochtaí ar leith de dhíth orthu.

Is gá a thuiscint cén fáth go bhfuil sibh ag déanamh a bhfuil á dheanamh agaibh, cé na heispéiris agus na torthaí dearfacha atá mar ionchais agaibh do na scoláirí, agus conas a bheidh a fhios agaibh an é go bhfuil, nó nach bhfuil, na gníomhaíochtaí agus na hidirbheartaíochtaí ag feidhmiú go héifeachtach.

Cad is cóir a chlúdach sa tuairisc achomair agus sa phlean feabhsúcháin do phobal na scoile?

Baineann an pointe deiridh leis na riachtanais tuairiscithe, agus go háirithe an tuairisc achomair agus an plean feabhsúcháin do phobal na scoile atá mar chuid den phróiseas FMS. Tá ailíniú an-mhaith idir an riachtanas seo agus téama na páirtneireachta le tuismitheoirí mar atá in DEIS ach, ar ndóigh, ní féidir na mionsonraí uile a bhaineann le bhúr bplean DEIS a chur in iúl go réidh agus go bríoch do thuismitheoirí. Dá bhrí sin deir Imlitir 40/2016:

Nuair a bhíonn tuairisc achomair agus plean feabhsúcháin á chur in iúl do thuismitheoirí agus don phobal, is féidir le scoileanna DEIS aird a dhíriú ar ghníomhaíochtaí ar leith don fheabhsúchán má shíleann siad suntas a bheith ag baint le feasacht agus rannpháirtíocht thuismitheoirí.


Ligeann sé seo do scoileanna DEIS gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí a roghnú a bheadh mar eolas cabhrach agus úsáideadh do thuismitheoirí. Ní cóir go mbraithfeadh bhúr scoil go gcaithfear achoimre a thabhairt ar gach gné de bhúr phlean DEIS. Is fearr go mór tacú leis an bpáirtnéireacht le thuismitheoirí trí eolas a thabhairt dóibh faoi thionscnaíochtaí ar leith ina bhfuil ról tábhachtach acu chun eispéiris agus torthaí foghlama a leanaí a fheabhsú.

Ag géarú ó chleachtas éifeachtach i gcoitinne go cleachtas éifeachtach

Ag amanna sa phróiseas féinmheastóireachta baineann an príomhfhócas le breithmheas meastóireachta a dhéanamh. Ceann acu seo ná deireadh na tréimhse iniúchaidh nuair a bhíonn anailís agus breithmheasanna á ndéanamh. Is éard a bhíonn á mheas ag an bpointe sin ná an cleachtas díreach mar atá anois: an suíomh mar atá anois sa scoil. Is ag an bpointe seo a bhíonn *Ag Breathnú ag Ár Scoil* mar phointe tagartha agat, agus bíonn na ráitis don chleachtas éifeachtach mar thagarmharc agat.

Ag baint úsáide as na caighdeáin agus na ráitis don chleachtas ar an tslí seo, is féidir libh bonn eolais a chruthú do bhúr mbreithmheasanna féin faoi cháilíocht bhúr soláthar. Conas mar atá ag an gcleachtas i bhúr scoil i gcomparáid leis an gcur síos ar na ráitis don chleachtas éifeachtach a bhaineann le bhúr réimse fócais?

Muna bhfuil an sprioc bainte amach fós, cé chomh fada atá le dul?



Breathnóimid ar an tslí ina bhféadfadh sibh leas a bhaint as na ráitis nuair a bhíonn breithmheas a dhéanamh agaibh ar chleachtas reatha. Beidh an cur chuige sách cósuil le [Cás Cholaíste Chnoc na Gréine, Céim 3](#). Sa chás sin, dhírigh an scoil ar na ráitis don chaighdeán ‘Fásann na scoláirí mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacaíoch’. Bhain siad úsáid as na ráitis chun láidreachtaí agus réimsí don fheabhsúchán ina gcleachtas reatha a aithint.

Sa ghreille thíos, a tógadh ó chás Cholaíste Chnoc na Gréine, tá colún curtha isteach againn ar thaobh na láimhe deise. Tá meastóireacht ar an gcleachtas reatha ann, tagarmharcáilte i gcoinne an ráitis ábhartha den chleachtas éifeachtach. Bhaineamar úsáid as an téarma ‘éifeachtach i gcoitinne’ má léirigh an fhianaise bearna idir an cleachtas reatha agus an leibhéal a bhfuil cur síos air sa ráiteas don chleachtas éifeachtach. Feicfear go n-aithníonn an cur chuige seo athruithe i gcleachtas ranga atá dírithe ar an mbearna a líonadh.

Ráiteas ar Chleachtas Éifeachtach	Láidreachtaí?	Réimsí don Fheabhsúchán?	Meastóireacht ar chleachtas reatha ‘Géarú’ chuig cleachtas feabhsaithe
Bíonn idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí agus idir na scoláirí agus múinteoirí ómósach agus dearfach, agus cuiditheach don fholláine.	SEA ..	Is féidir tógail ar an láidreach seo chun dul i ngleic le deacrachtaí	Tá an cleachtas éifeachtach . Cad a thabharfadh go leibhéal éifeachtach é? Is féidir linn teacht ar ais chuige seo. Díreach anois is féidir linn tosaíocht a aithint i réimsí nach bhfuil ár gcleachtas ag leibhéal éifeachtach go fóill.
Tacaíonn caidreamh agus idirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus limistéir fhoghlama le timpeallacht foghlama atá comhoibríoch agus táirgiúil.	SEA ACH...	An bhfuil dóthain deiseanna ann don chomhoibríú?	Tá an cleachtas éifeachtach i gcoitinne . Chun é a thabhairt go leibhéal éifeachtach, is gá na caidrimh dhearfacha atá ann a choinneáil chun deiseanna níos mó agus níos fearr a chruthú do scoláirí a bheith ag obair go comhoibríoch.
Mothaíonn na scoláirí go bhfuil siad ábalta a gcuid tuairimí agus a gcuid eispéireas a chur in iúl sa phlé ranga. Éistean siad go hómósach le tuairimí agus le heispéiris a gcomhscoláirí sa rang.	SEA ACH...	Ní i gcónaí a bhíonn siad ábalta iad féin a chur in iúl	Tá an cleachtas éifeachtach i gcoitinne . Chun é a thabhairt go leibhéal éifeachtach, caithfimid acmhainn scoláirí chun iad féin a chur in iúl a fhorbairt. Ciallaíonn sé seo fócas d’aon ghnó ar chumais breise ó bhéal – tag. Teastas Sóisearach Ráiteas Foghlama 1
Cuireann siad ceisteanna agus molann siad réitigh indéanta go muiníneach. Tá siad sásta dul sa tseans le freagraí míchearta, agus glacann siad leis go bhfuil botúin mar chuid den phróiseas foghlama.	SEA ACH...	Bíonn easpa muiníne ag cur as do roinnt acu	Tá an cleachtas éifeachtach i gcoitinne . Tá scoláirí cumasacha nach rachaidh sa tseans botún a dhéanamh agus tá roinnt scoláirí i gcruachas ach ní chuireann siad é sin in iúl. Is gá dúinn breathnú ar an tslí le deacrachtaí a aithint agus freagairt dóibh: “Conas mar a thiocfá ar réiteach?” seachas “Cé ag a bhfuil an freagra?”

Léiríonn siad leibhéal dóthanach de spreagadh chun páirt a ghlacadh agus chun leanúint le hobair a bhfuil méadú sa dúshlán inti.	SEA ACH...	Tagann lagmhisneach ar roinnt acu	Tá an cleachtas éifeachtach i gcoitinne . Is gá dúinn cur chuige níos struchtúrtha agus níos céimnithe i leith na foghlama nua a phleanáil ionas nach n-imíonn scoláirí ar strae nó nach n-imíonn siad ón gcóras ar fad.
--	------------	-----------------------------------	---